# Forbairt Tuaithe na Gaillimhe
# *Galway Rural Development*

# ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003
# SCÉIM TEANGA

# 2021 – 2024

## Clár na nÁbhar

**Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra .......... 3**
1.1 Réamhrá .......... 3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime .......... 3
1.3 Poibliú na Dréachtscéime .......... 4
1.4 Dáta Tosaithe na Scéime .......... 4
**Caibidil 2: Forléargas ar Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe .......... 5**
2.1 Próifíl an Chomhlachta .......... 5
2.2 Fís .......... 5
2.3 Misean agus Luachanna .......... 5
2.4 Pleanáil Straitéiseach agus Aidhmeanna FTG .......... 6
2.5 Príomhfheidhmeanna FTG .......... 9
2.6 Príomhsheirbhísí .......... 10
2.7 Custaiméirí agus Cliaint .......... 10
2.8 Réimse Sainchúraim FTG .......... 10
**Caibidil 3: Sonraí na Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach .......... 11**
**Caibidil 4: Feabhas a chur ar an Soláthar Seirbhísí i nGaeilge .......... 12**
**Caibidil 5: Feabhas a chur ar an Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht .......... 17**
**Caibidil 6: Feabhas a chur ar an Inniúlacht sa Ghaeilge .......... 19**
6.1 Earcaíocht .......... 19
6.2 Oiliúint agus Forbairt .......... 19
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge .......... 20
**Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú .......... 21**
**Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe .......... 21**
**Aguisín 1: Oifigí de chuid Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe .......... 22**

# Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

Foráiltear in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina mbeidh mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú, i gcás aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge, go ndéanfar í a sholáthar laistigh d'achar ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, bíonn scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, cibé acu is déanaí.

### 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tugadh aird chuí ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Forbairt Tuaithe na Gaillimhe faoi threoir ag an bprionsabal gur cheart soláthar seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar:

- an leibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir le soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus a mhéid atá an chuideachta in ann an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Cuireadh le chéile í agus é ina aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

### 1.3 Poibliú na Dréachtscéime

Ag teacht le halt 13(1)(a) den Acht, d'fhoilsigh Forbairt Tuaithe na Gaillimhe (FTG) fógra á rá go raibh sé i gceist dréachtscéim a réiteach. Foilsíodh fógraí dátheangacha ag lorg aighneachtaí i nuachtán áitiúil agus ar shuíomh idirlín FTG, agus foilsíodh fógra i nGaeilge ar an suíomh idirlín nuachta Tuairisc.ie.
Tugadh an t-eolas céanna d'fhostaithe FTG ar ár gclár fógraí inmheánach. Mar thoradh ar an gcomhairleoireacht sheachtrach fuair FTG dhá aighneacht agus tá na haighneachtaí ar fáil ar shuíomh na heagraíochta [www.grd.ie](http://www.grd.ie)



*Fíor 1. Íomhá den fhógra sa Churadh Connachtach, an 11 Nollaig 2020*



*Fíor 2. Íomhá den fhógra in Tuairisc.ie, an 15 Nollaig 2020*

### 1.4 Dáta Tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Scéim ar an **30/01/2021** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2: Forléargas ar Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe

### 2.1 Próifíl an Chomhlachta

Tá Forbairt Tuaithe na Gaillimhe CTR (FTG) ar cheann de 50 Comhlacht Forbartha Áitiúil in Éirinn a chuireann i bhfeidhm raon clár de chuid an Aontais Eorpaigh agus cinn náisiúnta. Is cuideachta 'Faoi Theorainn Ráthaíochta' (CTR) é, a bunaíodh i mí Iúil 1994, agus déanann a stiúrthóirí ionadaíocht ar ghníomhaireachtaí reachtúla, comhpháirtithe sóisialta, gnó, feirmeoireacht, pobail agus na hearnálacha deonacha. Is i mBaile Átha an Rí atá an phríomhoifig, agus tá roinnt oifigí eile ar fud an chontae.
Soláthraíonn Forbairt Tuaithe na Gaillimhe CTR raon tacaíochtaí pobail comhtháite tríd an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) a riar, chomh maith le LEADER, an Scéim Shóisialta Tuaithe, agus an Clár TÚS. Ina theannta sin, feidhmíonn an chuideachta mar urraitheoir i leith Scéim Fostaíochta Pobail a sholáthraíonn obair chothabhála do phobail áitiúla, mar aon le tacaíocht chléireachais agus riaracháin.

Tá oifig Bhaile Átha an Rí suite laistigh de champas Teagasc; tá oifigí eile i mBéal Átha na Sluaighe, Port Omna, Ros Muc agus Tuaim. Reáchtáiltear clinicí for-rochtana in áiteanna eile faoin tuath, a ndéantar freastal orthu ó na hoifigí sin. Tá an chuideachta meáite go háirithe ar bheith ag obair leo siúd is mó a bhfuil cúnamh de dhíth orthu agus fíor-dheiseanna a sholáthar do dhaoine chun feabhas nach beag a bhaint amach dóibh féin agus dá bpobail, ar fud na tuaithe i gCo. na Gaillimhe.

### 2.2 Fís

Forbairt bailte agus sráidbhailte inbhuanaithe faoi bhláth a chothú agus meas á léiriú ar chultúr, oidhreacht, timpeallacht agus áilleacht nádúrtha ar leith Chontae na Gaillimhe.

### 2.3 Misean agus Luachanna

**Misean: Is é misean FTG é tacú le cláir forbartha tuaithe agus pobail ionchuimsitheacha a fheabhsaíonn saol daoine, a dhéanann pobail a athbheochan, a thacaíonn le forbairt fiontar agus a léiríonn meas ar an oidhreacht nádúrtha agus an oidhreacht thógtha ar fud Chontae na Gaillimhe, agus na cláir sin a chur chun feidhme.**

**Luachanna:**

- **Éagsúlacht**

Cuireann Forbairt Tuaithe na Gaillimhe **(FTG)** an éagsúlacht agus an comhionannas chun cinn ar fud na heagraíochta agus sna cláir a chuireann sí i bhfeidhm.

- **Comhdheiseanna**

Gníomhaíonn FTG lena chinntiú gurb iad na deiseanna soch-chultúrtha agus eacnamaíocha céanna atá ag daoine agus pobail ar fud na gceantar tuaithe i gContae na Gaillimhe.

- **Dírithe ar dhaoine**

Urramaíonn FTG cearta daoine aonair chun éisteacht a bheith acu agus tacaíocht a bheith ar fáil dóibh agus a chuid clár á soláthar, agus laistigh den eagraíocht féin.

- **Gairmiúlacht**

Tá FTG tiomanta do chaighdeáin den scoth a choinneáil ar bun maidir le cúram cliant agus seirbhís do chustaiméirí, agus seirbhísí a sholáthar go díograiseach gairmiúil.

- **Sofhreagracht**

Tá FTG tiomanta do riachtanais a pháirtithe leasmhara uile a aithint agus freagairt dóibh ar bhonn leanúnach.

- **Ionracas**

Bíonn FTG ionraic, oscailte ina chuid idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara. Gné lárnach dár gcuid luachanna is ea an tiomantas do bheith macánta, seasamh.

- **Trédhearcacht**

Tuairiscíonn FTG go hoscailte trédhearcach do pháirtithe leasmhara ar a ghníomhaíochtaí agus ar an dul chun cinn a dhéanann sé. Ar an gcaoi chéanna, tá an chuideachta tiomanta do thrédhearcacht agus é ag plé lena lucht maoinithe.

- **Foghlaim Leanúnach**

Agus é tiomanta don fhoghlaim leanúnach, tugann FTG deiseanna foráis phearsanta agus ghairmiúil dá bhaill fhoirne agus do na páirtithe leasmhara a dtacaíonn sé leo.

- **Iontaoibh agus Meas**

Cuireann FTG tairbhithe agus baill foirne i gcroílár na heagraíochta agus tá sé tiomanta do thimpeallacht oibre mheasúil a chothú do na páirtithe leasmhara go léir.

- **Forbairt Inbhuanaithe**

Agus é dírithe ar shláinte agus ar an gcomhshaol, tá FTG tiomanta do spriocanna inbhuanaithe a bhaint amach – a chlúdaíonn gach rud ón mbochtaineacht agus an athrú aeráide go bonneagar agus tionsclaíocht.

### 2.4 Pleanáil Straitéiseach agus Aidhmeanna FTG

Déanann FTG a dhícheall a bheith seasta ag gníomhú ar mhaithe le leas a pháirtithe leasmhara chun cur leis an gcumas atá aige gníomhú mar phríomhghníomhaireacht tacaíochta do dhaoine aonair, do ghrúpaí pobail agus do ghnólachtaí sa chontae. Is iad na cúig aidhm straitéiseacha uileghabhálacha maidir le straitéis a chur chun feidhme i rith na mblianta 2020 – 2025:

**Aidhm Straitéiseach 1: Folláine an Duine Aonair**
**Aidhm Straitéiseach 2: Forbairt Pobail**
**Aidhm Straitéiseach 3: Fás Fiontair**
**Aidhm Straitéiseach 4: Forbairt Acmhainní**
**Aidhm Straitéiseach 5: Infheictheacht Níos Fearr**

Déanfaidh an chuideachta gach ceann de na haidhmeanna straitéiseacha sin a shaothrú de réir a físe, a misin agus a luachanna.

### 2.4.1 Aidhm Straitéiseach 1: Folláine an Duine Aonair

**Deiseanna a sholáthar do dhaoine i dtaobh páirt a ghlacadh i gcláir thacaíochta agus gníomhaíochtaí éagsúla ar fud Chontae na Gaillimhe. Nuair a tharla an ghéarchéim COVID-19 le déanaí, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le folláine an duine aonair.**

An Toradh a bheidh ar Aidhm Straitéiseach 1
Níos mó daoine ar fud Chontae na Gaillimhe a bheith ag glacadh páirt i gcláir agus i ngníomhaíochtaí a chuirfidh lena bhfolláine agus leis an mbraistint atá acu go bhfuil cumhacht acu, mar aon leis an bhfeasacht atá acu ina leith sin.

Na Cuspóirí a ghabhann le hAidhm Straitéiseach 1
Cur leis na deiseanna do dhaoine aonair páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta, foghlama, réamhfhostaíochta agus fostaíochta.

### 2.4.2 Aidhm Straitéiseach 2: Forbairt Pobail

**Tacú leis na pobail, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, ar fud Chontae na Gaillimhe ar bhealach a chumasaíonn saol socheacnamaíoch inbhuanaithe feasta.**

An Toradh a bheidh ar Aidhm Straitéiseach 2
Laghdú ar leibhéil na díothachta agus an aonraithe tuaithe.

Na Cuspóirí a ghabhann le hAidhm Straitéiseach 2
Cur le beocht na mbailte agus na bpobal.

### 2.4.3 Aidhm Straitéiseach 3: Fás Fiontair

**Comhionannas deiseanna a sholáthar i dtaobh fiontair a bhunú agus a fhorbairt lena n-áirítear fiontair shóisialta ar fud Chontae na Gaillimhe.**

An Toradh a bheidh ar Aidhm Straitéiseach 3
Cur leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus na deiseanna fostaíochta ar fud an chontae, rud a chuideoidh le pobail áitiúla a chothú.

Na Cuspóirí a ghabhann le hAidhm Straitéiseach 3
Tacú le fiontair lena n-áirítear fiontair shóisialta i gContae na Gaillimhe.

### 2.4.4 Aidhm Straitéiseach 4: Forbairt Acmhainní

**Cur leis an gcumas atá ag Forbairt Tuaithe na Gaillimhe i dtaobh bainistíocht riarachán, bainistíocht feidhmiúcháin agus rialachas éifeachtach a sholáthar don chuideachta mar fhreagairt ar éilimh amach anseo.**

An Toradh a bheidh ar Aidhm Straitéiseach 4
Leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaíochtaí freagracha éifeachtacha do dhaoine aonair, do ghrúpaí pobail agus d'fhiontair ar fud cheantair thuaithe Chontae na Gaillimhe.

Na Cuspóirí a ghabhann le hAidhm Straitéiseach 4
Eagraíocht Foghlama a Fhorbairt.

### 2.4.5 Aidhm Straitéiseach 5: Infheictheacht Níos Fearr

**Misean Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe a chur chun cinn agus comhpháirtíochtaí agus caidreamh oibre a chothú le gníomhaireachtaí tacaíochta agus le páirtithe leasmhara pobail ar fud an chontae.**

An Toradh a bheidh ar Aidhm Straitéiseach 5
Leibhéil rannpháirtíochta méadaithe i measc daoine aonair, grúpaí pobail agus fiontar trí chur i bhfeidhm comhordaithe a dhéanamh ar chláir agus tacaíochtaí ar fud Chontae na Gaillimhe.

Na Cuspóirí a ghabhann le hAidhm Straitéiseach 5
Cur le leibhéil rannpháirtíochta grúpaí, agus páirtithe leasmhara eile, i dtionscnaimh dhigiteacha de chuid FTG, amhail Gaillimh.ie.

### 2.4.6 An Plean Straitéiseach a Chur i bhFeidhm

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta a dhéanfaidh bainistíocht ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh. Beidh an fhoireann ag obair i ndlúthpháirt le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara, ar bhonn idirghníomhaireachta, lena chinntiú go mbainfear amach na torthaí straitéiseacha is fearr is féidir.

Forbróidh an fhoireann bainistíochta Pleananna Oibriúcháin Bliantúla, a bheidh bunaithe ar na cuspóirí agus na bearta tosaíochta a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach sin. Formheasfaidh an Bord Stiúrthóirí na Pleananna Oibriúcháin. Tomhaisfear an dul chun cinn maidir le haidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha a chur chun feidhme le linn na tréimhse 2020 – 2025 trí úsáid a bhaint as príomhtháscairí feidhmíochta. Leagfar síos spriocanna sonracha bliantúla i leith gach príomhtháscaire feidhmíochta mar fhreagairt ar riachtanais agus tosaíochtaí na cuideachta agus an phobail.

### 2.5 Príomhfheidhmeanna FTG

Is é FTG a dhéanann na seirbhísí agus na cláir seo a leanas a riar:

**SICAP**

Tá an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) dírithe ar mhíbhuntáiste agus bochtaineacht in Éirinn a laghdú. Is ón gclár sin a eascraíonn bunchlocha na Forbartha Áitiúla agus na Forbartha Pobail. Tá sé ceaptha chun cabhrú le daoine a bhfuil bochtaineacht agus eisiamh sóisialta ag goilleadh orthu na scileanna, an mhuinín agus na teagmhálaithe is gá a fhorbairt chun a saol féin a athrú agus a bpobail féin a athrú. Faoin gclár, tugtar tús áite do dhaoine agus do ghrúpaí imeallaithe laistigh de na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste, rud a fhágann go ndírítear orthu sin a bhfuil an rochtain is measa acu ar oideachas, oiliúint agus fostaíocht, agus orthu siúd is mó atá i mbaol eisiamh sóisialta.
Tá dhá phríomhsprioc ann i leith an chláir SICAP:

1. **Sprioc 1 – Tacú le Pobail** trí fhorbairt pobail agus trí thacaíocht d'fhiontair shóisialta
2. **Sprioc 2 – Tacú le Daoine Aonair** trí oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil.

**LEADER**

Faoin gclár LEADER, tugtar cúnamh deontais do phobail agus do ghnólachtaí i mbailte agus sráidbhailte tuaithe. Tá trí théama ann: 1) Forbairt Eacnamaíochta Tuaithe, 2) Cuimsiú Sóisialta trí Acmhainn Phobail a Thógáil agus 3) Timpeallacht na Tuaithe.

**An Scéim Shóisialta Tuaithe**

Tá an Scéim Shóisialta Tuaithe dírithe ar fheirmeoirí agus iascairí ar ioncam íseal. Is é aidhm na Scéime go rachaidh na tionscadail a dhéantar chun tairbhe an phobail áitiúil agus go mbeidh an deis ag rannpháirtithe scileanna atá acu cheana a fheabhsú nó scileanna nua a fhorbairt.

**An Clár TÚS**

Is tionscnamh gníomhachtaithe é Tús dóibh siúd atá dífhostaithe agus tá sé mar aidhm leis deiseanna oibre gearrthéarmacha ardchaighdeáin a sholáthar do dhaoine atá dífhostaithe agus obair fhiúntach a dhéanamh sa phobal an tráth céanna

**An Scéim Fostaíochta Pobail**

Tá FTG ina urraitheoir ar **Scéim Fostaíochta Pobail** a sholáthraíonn obair chothabhála do phobail áitiúla, mar aon le tacaíocht chléireachais agus riaracháin.

Faoin tionscadal fostaíochta pobail, cuirtear clár oibre fiúntach agus plean oiliúna ar fáil do gach rannpháirtí. Is é is aidhm leis an bhfostaíocht pobail ná cur le hinfhostaitheacht agus soghluaisteacht daoine faoi

mhíbhuntáiste agus daoine dífhostaithe trí thaithí oibre agus deiseanna oiliúna a sholáthar dóibh laistigh dá bpobail féin.

### 2.6 Príomhsheirbhísí

- Téann FTG i gcomhairle le grúpaí pobail ina gceantair féin agus tairgeann sé tacaíocht do ghrúpaí chun a gcuid scileanna a fhorbairt trí chomhairle, meantóireacht, oiliúint agus deontais bheaga.
- Tacaíonn FTG le forbairt fiontar sóisialta nua agus cinn atá ar bun cheana.
- Bíonn FTG ag obair le scoileanna chun cláir thacaíochta a fhorbairt do pháistí lasmuigh de phríomhchuraclam na scoile.
- Tacaíonn FTG le daoine aonair trí oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil.
- Bíonn FTG ag obair le daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta, astu féin agus ina bpobail.
- Bíonn FTG ag obair chun deiseanna oiliúna, socrúcháin oibre, babhtaí printíseachta agus poist a aithint.
- Soláthraíonn FTG deontais nach beag do phobail agus do ghnólachtaí tríd mhaoiniú LEADER.
- Tugann FTG an deis do rannpháirtithe sna scéimeanna chun scileanna atá ann cheana a fheabhsú nó scileanna nua a fhorbairt

### 2.7 Custaiméirí agus Cliaint

- Grúpaí pobail áitiúla
- Daoine aonair

### 2.8 Réimse Sainchúraim FTG

Soláthraíonn FTG a sheirbhísí do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gContae na Gaillimhe, gan limistéar Chathair na Gaillimhe féin san áireamh. I gContae na Gaillimhe, ina iomláine, is airde an céatadán (48.9%) díobh siúd a thuairiscíonn (i ndaonáireamh 2016) go bhfuil Gaeilge acu ná an céatadán ar fud na tíre, sin 39.8%. Tá céatadán os cionn an mheáin ag Contae na Gaillimhe freisin – 6.7% – ó thaobh cainteoirí gníomhacha (laethúla) Gaeilge. Is é 1.55% an céatadán náisiúnta. Tuairiscíodh i ndaonáireamh 2016 gur 11,530 duine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil i gContae na Gaillimhe, agus is i gceantair thuaithe sa chontae a bhfuil stádas oifigiúil mar Ghaeltacht acu atá cónaí ar fhormhór mór na ndaoine sin. Aithníonn FTG an fhreagracht atá air seirbhísí a sholáthar don mhionlach teanga sin sa teanga is rogha leo.

## Caibidil 3: Sonraí na Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Ní mór sonraí a thabhairt faoi cén teanga ina gcuirtear bhur gcuid seirbhísí ar fáil, agus seirbhísí sa Ghaeltacht san áireamh.

| **Seirbhísí atá ar fáil**<br>**(Cuir tic sa bhosca cuí)** | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse** | **Seirbhísí i mBéarla amháin** | **Seirbhísí i nGaeilge amháin** | **Go dátheangach** |
| An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) | | | ✓ |
| LEADER | | | ✓ |
| An Scéim Shóisialta Thuaithe | ✓ | | |
| TÚS | ✓ | | |
| An Scéim Fostaíochta Pobail | ✓ | | |
| **Seirbhísí atá ar fáil sa Ghaeltacht** | | | |
| **Ainm na Seirbhíse** | **Seirbhísí i mBéarla amháin** | **Seirbhísí i nGaeilge amháin** | **Go dátheangach** |
| An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) | | | ✓ |
| LEADER | | | ✓ |

## Caibidil 4: Feabhas a chur ar an Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

**Is ceanglais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.**

| Modh Cumarsáide leis an bPobal | | Gealltanas | |
|---|---|---|---|
| **Fógraí Réamhthaifeadta ó Bhéal** | | Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:<br><br>(a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an teileafón nuair a bhíonn ár n-oifigí dúnta;<br><br>(b) Fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí, is i nGaeilge nó go dátheangach a chuirfear ar fáil iad;<br><br>(c) Fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha teileafóin, is i nGaeilge nó go dátheangach a chuirfear ar fáil iad.<br><br>Tabhair faoi deara gur fógraí 'taifeadta' seachas fógraí 'beo' a bhaineann le hábhar anseo.<br><br>Sa chás ina bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon. | Éigeantach |
| **Cumarsáid i Scríbhinn** | **Litreacha agus Post Leictreonach** | Tabharfar freagra ar gach teachtaireacht i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. | Éigeantach |
| | **Stáiseanóireacht** | Na ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach, is i | Éigeantach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | nGaeilge nó go dátheangach a chuirfear ar fáil iad. | |
| **Comharthaí** | **Comharthaí** | Ní mór an chomharthaíocht uile a chuireann FTG in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008). | Éigeantach |
| **Foilseacháin** | **Foilseacháin** | Cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise, foilseofar i nGaeilge agus i mBéarla iad ag an am céanna. | Éigeantach |
| | **Ciorcláin / Cora Poist** | I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid | Éigeantach |
| **An Ghaeltacht** | **Logainmneacha Gaeltachta** | Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta. | Éigeantach |

Ina theannta sin, tabharfaidh Forbairt Tuaithe na Gaillimhe faoin liosta beart seo a leanas i leith gach seirbhíse.

| **Modh Cumarsáide leis an bPobal** | | **Gealltanas** | **Amlíne: Laistigh de Bhl. 1/Bl. 2/Bl. 3** |
|---|---|---|---|
| **Ginearálta** | | **Soiléireofar do chustaiméirí FTG agus do pháirtithe leasmhara eile go bhfáiltíonn FTG roimh chomhfhreagras i nGaeilge agus gur i nGaeilge a fhreagrófar aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.** | **Bl. 1** |
| | **Fáiltiú** | Ní chuirfear aon mhoill ar sheirbhís a thabhairt de bharr gur seirbhís trí Ghaeilge a iarradh. Tá socraithe déanta chun daoine den phobal a chur i dteagmháil leis an oifigeach nó na hoifigigh ábhartha a chuireann an tseirbhís a iarradh ar fáil trí Ghaeilge | **Bl. 1** |
| | **Seirbhís Duine le Duine/thar an gCuntar** | Cuirfear liosta ar fáil d'oifigigh atá in ann seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar. | **Bl. 1**<br><br>**Bl. 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid ó Bhéal / i Scríbhinn** | | Cuirfear comharthaí ar dheasca fáiltithe ag fáiltiú roimh ghnó trí Ghaeilge. | |
| | **Lasc-chlár** | • Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.<br>• Fáilteofar roimh chustaiméirí i nGaeilge sa chéad áit agus ansin i mBéarla.<br>• Cuirfear liosta cothrom le dáta ar fáil d'fhoireann an lasc-chláir de na hoifigigh atá in ann seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar.<br>• Forbrófar nósanna caighdeánacha maidir le plé go héifeachtach le daoine a ghlaonn isteach agus a roghnaíonn gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, agus scaipfear na nósanna caighdeánacha sin ar fhoireann uile FTG.<br>• Beidh teachtaireachtaí dhátheangacha ag baill foirne atá sásta seirbhís dhátheangach a thabhairt.<br>• Ní úsáidfear ach aistritheoirí gairmiúla, cáilithe chun seirbhísí aistriúcháin Gaeilge a chur ar fáil. | **Bl. 1**<br>**Bl. 1**<br>**Bl. 1**<br>**Bl. 1**<br>**Bl. 1**<br>**Bl. 1** |
| | **Fógraí Réamhthaifeadta ó Bhéal** | | **Ní bhaineann le hábhar** |
| | **Fógraí Beo** | | **Ní bhaineann le hábhar** |
| | **Bileoga Eolais/Bróisiúir** | Faoi láthair tá 50% den ábhar dátheangach. Tá sé i gceist é sin a ardú go 70% | **Bl. 2** |
| | **Foirmeacha Iarratais** | Baineann FTG úsáid as foirmeacha de chuid Pobal.ie. Níl na foirmeacha sin ar fáil go dátheangach cé go bhfuil sin iarrtha ag FTG.<br>Faoi láthair tá 25% de na foirmeacha (nach mbaineann le Pobal.ie) ar fáil sa dá theanga. Ardófar an céatadán sin go 50% | **Bl. 2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Lógó** | Dearfar lógó dátheangach agus bainfear úsáid as | **Bl. 2** |
| **Na Meáin** | **Preasráitis** | • Gach preasráiteas a bhaineann leis an nGaeltacht nó leis an nGaeilge, is i nGaeilge nó go dátheangach a bheidh é.<br>• Eiseofar 20% de na preasráitis sa dá theanga. | **Bl. 1**<br>**Bl. 3** |
| | **Urlabhraithe na Meán** | • Cuirfear ball foirne ar fáil chun dul i mbun plé leis na meáin Ghaeilge.<br>• Beidh ráiteas ina bhfáilteofar roimh Ghaeilge mar chuid d'aon fhógraíocht. | **Bl. 1**<br>**Bl. 1** |
| | **Óráidí** | Úsáidfear roinnt Gaeilge in óráidí Béarla. | **Bl. 1** |
| **Teicneolaíocht na Faisnéise** | **Ríomhphoist** | • Cuirfear seoladh ríomhphoist sonrach d'iarratais i nGaeilge ar fáil ar shuíomh FTG<br>• Ábhar caighdeánach, ar nós séanta, sna ríomhphoist, is sa dá theanga a bheidh sé.<br>• Sínithe leictreonacha na mball foirne a bhfuil ar a gcumas seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil, beidh téacs iontu ina bhfáiltítear roimh ghnó trí Ghaeilge | **Bl. 1**<br>**Bl. 1**<br>**Bl. 1** |
| | **Suíomhanna Gréasáin** | • Beidh an t-ábhar buan ar leathanach baile FTG dátheangach (táthar ag súil go dtabharfar an suíomh gréasáin cothrom le dáta in 2021). Cuirfear láithreacht na Gaeilge san áireamh sa leagan nua den suíomh.<br>• Úsáidfear na hainmneacha fearainn GRD.IE agus FTG.IE. | **Bl. 1**<br>**Bl. 2** |
| | **Córais Ríomhaireachta** | • Beidh sé ar chumas aon chórais ríomhaireachta nua an Ghaeilge a phróiseáil. | **Bl. 1** |
| | **Na Meáin Shóisialta** | • Ardófar an céatadán ábhair i nGaeilge ó 5%, mar atá faoi láthair, go 15%. | **Bl. 2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **An Ghaeltacht** | **Cruinnithe** | • Na cruinnithe ina bhfuil an Ghaeilge mar ábhar, is go dátheangach nó i nGaeilge a reáchtálfar iad de réir mar a fheileann.<br>• I gcruinnithe a reáchtálfar taobh amuigh den Ghaeltacht, cuimseofar roinnt Gaeilge ar nós san fháilte agus sa chlabhsúr. | **Bl. 1**<br><br>**Bl. 1** |
| | **Logainmneacha** | • Cuirfear leaganacha oifigiúla na logainmneacha Gaeltachta ar fáil do bhaill foirne FTG agus tabharfar treoir dóibh na leaganacha sin amháin a úsáid. | **Bl. 1** |
| | **Eile** | Cuimsithe i gCaibidil 5 thíos. | |

## Caibidil 5: Feabhas a chur ar an Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Feabhsófar an soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus féachfar chuige go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí atá suite sa Ghaeltacht, faoi dháta áirithe.

Is í an Ghaeilge an teanga oibre a úsáideann oifig Ghaeltachta FTG i Ros Muc. Faoi láthair cuirtear seirbhísí SICAP ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail áitiúla trí mheán na Gaeilge.

## Gealltanais i gCeantair Ghaeltachta

| Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht | Gealltanas | Amlíne Laistigh de Bhl. 1/Bl. 2/Bl. 3 |
|---|---|---|
| **Fáiltiú** | Cuirfear fáilte roimh chustaiméirí i nGaeilge sa chéad áit agus i mBéarla (más gá). Sin mar a dhéantar faoi láthair. | **Mar atá faoi láthair agus mar a bheidh** |
| **Teileafón** | • Is i nGaeilge a bhfreagrófar glaonna.<br>• Beidh teachtaireachtaí réamh-thaifeadta na foirne i nGaeilge nó beidh siad dhátheangach agus an Ghaeilge ar dtús | **Mar atá faoi láthair agus mar a bheidh** |
| **Foirmeacha Iarratais** | • Beidh foirmeacha i nGaeilge nó cinn dhátheangacha ar fáil do chustaiméirí. Tabhair faoi deara le do thoil an fhadhb thuasluaite le foirmeacha de chuid pobal.ie. | **Bl. 3** |
| **Bileoga Eolais/Bróisiúir** | • Gach bileog agus bróisiúr de chuid SICAP a úsáideann FTG, beidh siad ar fáil go dátheangach. | **Bl. 2** |
| **Cumarsáid i Scríbhinn** | • Is i nGaeilge, nó go dátheangach leis an nGaeilge ar dtús, a dhéanfar aon chumarsáid i scríbhinn le muintir na Gaeltachta<br>• Cuirfear córas i bhfeidhm sa chaoi is gur i nGaeilge amháin a bheidh aon chumarsáid le muintir na Gaeltachta más é sin a dtoil. | **Bl. 1**<br>**Bl. 1** |
| **Preasráitis** | • Is i nGaeilge a eiseofar aon phreasráiteas a bhaineann leis an nGaeltacht nó go dátheangach leis an nGaeilge ar dtús. | **Bl. 1** |
| **Na Meáin** | • Cuirfear urlabhraí le Gaeilge ar fáil chun dul i mbun plé leis na meáin Ghaeilge.<br>• Tabharfar poiblíocht i nGaeilge go rialta do na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuireann FTG ar fáil ar ardáin na meán sóisialta. | **Bl. 1**<br>**Bl. 1** |

| | | |
|---|---|---|
| **Cruinnithe** | • Is í an Ghaeilge gnáth-theanga na gcruinnithe a eagraíonn FTG sa nGaeltacht.<br>• Éascófar rannpháirtíocht daoine gan Ghaeilge ach cloífear leis an nGaeilge mar phríomhtheanga na gcruinnithe.<br>• Nuair is gá cainteoirí nó saineolaithe seachtracha a bheith ag cruinnithe a eagraíonn FTG sa Ghaeltacht, déanfar gach iarracht cainteoirí feiliúnacha a aimsiú a bhfuil Gaeilge acu. | **Bl. 1**<br>**Bl. 1**<br>**Bl. 1** |
| **Leanfar le húsáid na Gaeilge mar theanga oibre na hoifige i Ros Muc.** | | **Leanúnach** |

## Caibidil 6: Feabhas a chur ar an Inniúlacht sa Ghaeilge

### 6.1 Earcaíocht

Is é earcú ball foirne ag a bhfuil scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse den obair a dhéanann Forbairt Tuaithe na Gaillimhe an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar an bhfáil atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta i leith na hearcaíochta, ar an ngá atá ann inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

### 6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Forbairt Tuaithe na Gaillimhe meáite ar dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoi áiseanna agus deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

| | | **Gealltanas** | **Amlíne Laistigh de Bhl. 1/Bl. 2/Bl. 3** |
|---|---|---|---|
| **Feabhas ar chumas Gaeilge** | **Earcaíocht** | Cuimseofar cóip den Scéim Teanga aontaithe i bpacáiste ionduchtúcháin na mball foirne nua | **Bl. 1** |
| | **Oiliúint** | • Cuimseofar eolas faoin Scéim Teanga aontaithe san oiliúint a chuirfear ar bhaill foirne nua.<br>• Cuimseofar eolas faoin Scéim Teanga aontaithe in aon oiliúint chuí a chuirfear ar bhaill foirne atá ann faoi láthair. | **Bl. 1**<br>**Bl. 1** |
| | **Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil** | • Spreagfar baill foirne chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha. Leagfar béim faoi leith ar úsáid na Gaeilge a spreagadh i rith Sheachtain na Gaeilge (1 – 17 Márta)<br>• Beidh an fhoireann ar an eolas faoin gcoincheap faoina ndéantar seirbhís réamhghníomhach i nGaeilge a thairiscint nuair is féidir é.<br>• Éascófar don rochtain ar eolas faoi áiseanna teanga. | **Bl. 1**<br>**Bl. 1**<br>**Bl. 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Más ann don éileamh, éascóidh FTG ranganna Gaeilge do bhaill foirne | **Bl. 2** |

### 6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist sa liosta thíos sainithe mar chinn a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeáin shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag na daoine atá ag gabháil do na poist seo i gcomhréir le cúraimí an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar pobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

| **Teideal an Phoist** | **Láthair** | **An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal** | **Léiriú ar an gcaighdeán Gaeilge atá ag teastáil (roghnaigh ceann: bunleibhéal, meánleibhéal nó ardleibhéal)** |
|---|---|---|---|
| Riarthóir Oifige | Ros Muc | Muintir Ghaeltacht na Gaillimhe agus na n-oileán amach ón gcósta | Líofa |
| Oifigeach Forbartha, Conamara | Ros Muc | Muintir Ghaeltacht na Gaillimhe agus na n-oileán amach ón gcósta | Líofa |
| Oifigeach Forbartha agus Fiontraíochta, Conamara | Ros Muc | Muintir Ghaeltacht na Gaillimhe agus na n-oileán amach ón gcósta | Líofa |
| Oifigeach Forbartha Pobail, Conamara | Ros Muc | Muintir Ghaeltacht na Gaillimhe agus na n-oileán amach ón gcósta | Líofa |

## Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Forbairt Tuaithe na Gaillimhe monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta. Is é Steve Dolan (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) a dhéanfaidh an mhonatóireacht rialta sin. Is í Gearóidín Uí Chualáin an teagmhálaí i leith na scéime.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus tabharfar cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

## Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire, nuair a ghlacfar leis an scéim. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach duine den fhoireann agus do na gníomhaireachtaí cuí. Cuirfear béim faoi leith ar phoibliú na scéime sna pobail Ghaeltachta agus i mBaile Locha Riach, an baile Líonra Gaeltachta oifigiúil i gContae na Gaillimhe.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis san idirghníomhú laethúil a dhéanaimid le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;

- liosta de na seirbhísí sin a bheith in áit fheiceálach ar an suíomh gréasáin;

- cuirfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;

- féachfaimid chuige gur chomh feiceálach céanna a bheidh ábhair i nGaeilge agus ábhair i mBéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

## Aguisín 1: Oifigí de chuid Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe

| | |
|---|---|
| Baile Átha an Rí:<br>Ceannáras | Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.<br>Teil: 091 844335<br>Ríomhphost: grd@grd.ie<br>Suíomh Gréasáin: www.grd.ie |
| Béal Átha na Sluaighe | Sráid Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.<br>Teil: 090 9645111<br>Ríomhphost: ballinasloe@grd.ie |
| Baile Locha Riach | Sráid na Beairice, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.<br>Teil: 091 847611<br>Ríomhphost: grd@grd.ie |
| Port Omna | Sráid na Mainistreach, Port Omna, Co. na Gaillimhe.<br>Aonad 2, Sráid Bhreandáin, Port Omna, Co. na Gaillimhe H53 R266 |
| Ros Muc:<br>Oifig Ghaeltachta | Oifig Ionad Fiontair, Ros Muc, Conamara, Co. na Gaillimhe.<br>Teil: 091 574858<br>Ríomhphost: rosmuc@grd.ie |
| Tuaim | Bóthar Bhaile Átha Cliath Íochtarach, Tuaim, Co. na Gaillimhe<br>Teil: 093 26211/60288 |
| An Scéim Shóisialta Thuaithe & TÚS | Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.<br>Teil: 091 875732<br>Ríomhphost: tusadmin@grd.ie |

Soláthraíonn FTG seirbhísí for-rochtana go tráthrialta i limistéir eile i gContae na Gaillimhe freisin.